Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí
Cork Education and Training Board

BOO CHORCAÍ

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

EANÁIR 2017 – NOLLAIG 2017

Clár Ábhair

Teachtaireacht Ó Chathaoirleach BOO Chorcaí 3
Réamhfhocal le Príomhfheidhmeannach BOO Chorcaí 3
Bord Oideachais & Oiliúna Chorcaí 4
Scoileanna 5
Scoileanna Náisiúnta Pobail (Iar-bhunscoil) 5
Iar-bhunscoil 6
Breisoideachas agus Oiliúint 6
Scóip an tSoláthair 7
Coláistí Breisoideachais (PLC) 7
Seirbhísí Oiliúna BOOC 8
Ógtheagmháil 8
Oideachas Pobail 9
An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas 9
Litearthacht; 10
Treoir CETB d'Aosaigh 11
Seirbhísí don Aos Óg 12
Eagrú Seirbhísí 13
Caipiteal agus Soláthar 14
Dlí & Comhlíonadh 15
Seirbhísí Corparáideacha 16
Acmhainní Daonna 16
Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide 17
Airgeadas 18
Achoimre Airgeadais 19
Giorrúcháin 20
Aguisín 1 21
Scoileanna, Ionaid Oideachais & Fochoistí BOO 21
Scoileanna Náisiúnta Pobail 21
Iar-bhunscoileanna 21
Ionaid Oideachais & Oiliúna 22
Ionaid Ógtheagmhála 22
Scoileanna Pobail áit a bhfuil BOO Chorcaí ina Chomhiontaobhaí 22
Scoileanna Cuimsitheacha áit a bhfuil BOO ina Chomhphátrún 22
Coistí BOO 22

Teachtaireacht Ó Chathaoirleach BOO Chorcaí

Mar Chathaoirleach BOO Chorcaí, ábhar bróid dom baint a bheith agam le cáilíocht an soláthar seirbhíse a thugann BOO Chorcaí dá chuid ball. Léiríonn cáilíocht na seirbhíse ar fud na heagraíochta caighdeán agus gealltanas na mball foirne do na foghlaimeoirí agus don eagraíocht. Cloch mhíle atá i bhfoilsiú Ráiteas Straitéise BOO don eagraíocht agus tá mé ag tnúth le tuairisciú ar a cur i bhfeidhm i 2018. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chuid Comh-Chomhaltaí Boird, le Feidhmeannacht BOO Chorcaí agus lenár gcuid ball foirne as a gcuid oibre crua i rith 2017.

An Cmhlr Patrick Gerard Murphy,
Cathaoirleach, Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí.

Réamhfhocal le Príomhfheidhmeannach BOO Chorcaí

I gcaitheamh na bliana seo caite leanadh ar aghaidh le comhdhlúthú, le machnamh agus le fás. Ba í an chéad bhliain iomlán den tsraith feidhmiúcháin nua de Stiúrthóirí, arb é an toradh a bhí air ná cur chuige níos comhtháite i dtreo seirbhísí a chomhdhlúthú agus struchtúir chuí a shainiú do BOO Chorcaí. Tá an raon seirbhísí atá leagtha amach sa cháipéis seo agus léiríonn na torthaí soláthair a bhfuil cur síos orthu a mhéid is a leanann BOO Chorcaí ar aghaidh ag soláthar seirbhísí d'fhoghlaimeoirí i raon leathan de shuíomhanna oideachais agus oiliúna.

D'fhoilsigh a BOO Chorcaí a "Ráiteas Straitéise 2017 go 2021" inar leagadh amach na téamaí straitéiseacha don eagraíocht, a cuid tosaíochtaí agus gníomhartha. Foilsíodh an ráiteas straitéise tar éis phróiseas comhchomhairle le raon leathan páirtithe leasmhara lenar áiríodh ár bhfoghlaimeoirí, ár bhfoireann, an pobal gnó agus an pobal i gcoitinne. Roghnaíodh na téamaí chun na rudaí a léiriú atá tábhachtach dúinne agus dár bpáirtithe leasmhara.

Fianaise í cáilíocht ár soláthair agus na torthaí a baineadh amach, ar obair chrua, dhíograise agus ghealltanas ár mball foirne agus ár gComhaltaí Boird.

An tUas. Timothy Owens,
An Príomhfheidhmeannach

Bord Oideachais & Oiliúna Chorcaí

Bunaíodh Bord Oideachas agus Oiliúna Chorcaí faoi Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna, 2013 agus tá sé freagrach agus freagrúlach as treoir agus rialú cuí an BOO mar atá leagtha amach san Acht thuasluaite, reachtaíocht ábhartha eile agus an Cód Cleachtais ábhartha um Rialachas BOOnna. Bhí 6 chruinniú ag Bord BOO Chorcaí i rith na bliana i gcomhréir le halt 3.4 den Chód Rialachais, tá an taifead freastail do gach Comhalta Boird leagtha amach sa tábla seo a leanas.

Teideal	Ainm	Sloinne	Taifead Freastail 2017
An Cmhlr	Des	O'Grady	6/6
An Cmhlr	Kay	Dawson	6/6
An Cmhlr	Mary	Hegarty	5/6
An Cmhlr	Patrick Gerard	Murphy	5/6
An Cmhlr	Christopher	O'Sullivan	5/6
An Cmhlr	Kevin	Conway	5/6 (Ceaptha i Márta 2017)
An Cmhlr	Padraig	O'Sullivan	5/6
An Cmhlr	Gillian	Coughlan	1/6
An Cmhlr	Tim	Brosnan	4/6 (D'éirigh as i Meán Fómhair 2017)
An Cmhlr	Mary	Shields	5/6
An Cmhlr	Chris	O'Leary	5/6
An Cmhlr	PJ	Hourican	4/6 (Chuaigh duine eile ina ionad i Samhain 2017)
An tUas.	Paudie	Palmer	4/6
Ms.	Louise	Sheehan	5/6
Ms.	Gillian	Keating	1/6 (D'éirigh as i mBealtaine 2017)
Ms.	Mary	O'Grady	3/6
Ms.	Pearl	Nolan	2/6 (D'éirigh as i mBealtaine 2017)
An tUas.	Declan	O'Leary	5/6
An tUas.	Rob	Bateman	4/6 (Ceaptha i mBealtaine 2017)
An tUas.	Ger	Looney	6/6
Ms.	Maura	Fitzgibbon	6/6

Scoileanna

Is é BOO Chorcaí an pátrún agus an comhlacht bainistíochta do 2 Scoil Náisiúnta Pobail agus do 28 Iar-bhunscoil aitheanta. Coláistí Pobail Sannta atá i 11 Iar-bhunscoil dár gcuid, áit a bhfuil Comhaontuithe Samhla i bhfeidhm idir BOOC agus Deoise Chorcaí agus Rosa, nó BOOC agus Deoise Chluana. Tá 4 Choláiste Breisoideachais san áireamh sna 28 n-Iar-bhunscoil.

Tá BOO Chorcaí ina chomh-iontaobhaí/ina chomhphátrún do 13 Phobalscoil agus Scoil Chuimsitheach. Féach ar aguisín 1 don liosta iomlán de na Coláistí agus na hIonaid BOO go léir i gCorcaigh.

Clárú

	2016 -17	2017-18
Scoileanna Náisiúnta Pobail	113	178
Iar-bhunscoileanna	10,985	11,181
Coláistí Breisoideachais***	4,832	4,543

*** Áirítear leis daltaí i gcúrsaí iar-Ardteistiméireachta atá ceangailte le hIar-bhunscoileanna

Scoileanna Náisiúnta Pobail (Iar-bhunscoil)

Tá BOO Chorcaí ina phátrún do 2 Scoil Náisiúnta Pobail (SNP). Athrú réasúnta nua agus spreagúil atá i gceist le rannpháirtíocht BOO Chorcaí sa bhunoideachas in Éirinn.

- Scoil Náisiúnta Pobail Aonghusa, Mala
- Scoil Náisiúnta Pobail Chlíodhna, Carraig Thuathail

Tá Boird Bhainistíochta curtha i bhfeidhm agus tá an dá scoil fós ag méadú agus ag forbairt. Leanann Scoil Clíodhna ar aghaidh ag dul i méid agus tá sé beartaithe cóiríocht bhreise a chur ar fáil don scoilbhliain 2018-19. Táthar fós ag déanamh dul chun cinn le soláthar foirgnimh scoile nua. Bunaithe ar an líon mór iarratasóirí atá ag iarraidh clárú don dhá Scoil Náisiúnta Pobail atá againn faoi láthair, is léir áit a bhfuil an tsamhail ar fáil, go bhfuil éileamh mór uirthi i measc tuismitheoirí.

Leanann BOO Chorcaí ar aghaidh ag lorg deiseanna chun pátrúnacht scoileanna reatha a ghlacadh trí phróiseas athchumraithe an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Iar-bhunscoil

Tá rath ár n-iar-bhunscoileanna bunaithe ar an dá bhonn mar atá suim a bheith againn inár ndaltaí agus teagasc agus foghlaim ardchaighdeáin; is é an toradh air sin ná éacht mór acadúil. Tá sé sin tacaithe ag cur chuige nuálach agus dinimiciúil i dtreo forbartha curaclaim agus seach-churaclaim.

D'éirigh thar barr le daltaí inár scoileanna agus coláistí sna scrúduithe stáit i 2017. Leanann céatadán na ndaltaí atá ag bogadh ar aghaidh go hoideachas agus go hoiliúint tríú leibhéal ónar scoileanna ar aghaidh ag dul i méid. Freisin tá ár gcuid scoileanna an-fheasach maidir leis na rátaí arda d'éirí as roinnt cúrsaí tríú leibhéal agus, mar fhreagra air sin, tá iarrachtaí móra ag leanúint ar aghaidh chun daltaí a shocrú go cuí in oideachas agus oiliúint tríú leibhéal.

Leis na tuarascálacha cigireachta Ábhair agus Cláir WSE/MLL don bhliain 2017 tugadh dearbhú neamhspleách daingean dár gcuid scoileanna ar chaighdeán an teagaisc agus na foghlama atá ar siúl inár gcuid scoileanna. Tá ár gcuid scoileanna fós chun tosaigh maidir leis an Teastas Sóisearach nua a thabhairt isteach agus cruthaítear sin ag líon na múinteoirí dár gcuid a tugadh isteach ag an JCT chun oiliúint a chur ar scoileanna.

I mbliana ghnóthaigh Coláiste Treasa an chatagóir "Scoil is Fearr" i gcomórtas Eolaí Óg na Bliana de chuid BT. Tarraingíonn an bua sin aird ar an méadú ar líon na dtionscadal ag daltaí inár gcuid scoileanna a nglactar lena gcuid tionscadal le taispeáint ag an imeacht. Léiríonn sé freisin líon na ndámhachtainí a ghnóthaíonn daltaí ónár gcuid scoileanna go léir.

Mar gheall ar an méadú ar chlú agus cháil ár scoileanna tá méadú tagtha ar an éileamh ar áiteanna inár scoileanna agus coláistí. Mar gheall air sin cuirtear níos mó béime ar chóiríocht agus áiseanna breise a sholáthar i roinnt scoileanna. Ciallaíonn sé freisin go raibh ar roinnt scoileanna srian a chur le clárú sa chéad bhliain mar gurbh mó an t-éileamh ar áiteanna ná an méid a bhí ar fáil.

Breisoideachas agus Oiliúint

Soláthraíonn BOO Chorcaí raon leathan de chláir oiliúna trí hIonad Oiliúna Chorcaí agus a chuid seirbhísí gaolmhara, atá deartha chun freastal ar riachtanais oiliúna daoine aonair, idir daoine fostaithe agus dífhostaithe, agus riachtanais ghnó agus eacnamaíocha fostóirí sa réigiún.

Scóip an tSoláthair

Soláthraíonn BOO Chorcaí i réimse an bhreisoideachais agus na hoiliúna cúrsaí lánaimseartha agus páirtaimseartha i raon leathan réimsí do dhaonra mór agus éagsúil d'fhoghlaimeoirí aosacha agus d'fhoghlaimeoirí a bhfuil an dara leibhéal déanta acu, agus a chuirtear ar fáil mar chúrsaí lae agus oíche. Áirítear leis na cláir:

- Iar-Ardteistiméireacht;
- Printíseachtaí;
- Cúrsaí oiliúna;
- An Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS);
- An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEI);
- Litearthacht Aosach;
- Dianoideachas Bunúsach d'Aosaigh (ITABE);
- Oideachas Pobail;
- Oiliúint i Sainscileanna;
- Ógtheagmháil;
- Ionaid Oiliúna Pobail;
- Tionscnamh Oiliúna Áitiúla;
- An tSeirbhís Oideachais Príosúin;
- An tSeirbhís Phríosúin um Iarscaoileadh;
- Scileanna don Obair;
- Comhar le hinstitiúidí eile.

Dúshlán agus deis araon do BOOC ab ea bunú na mBord Oideachais agus Oiliúna, agus cruthú earnála comhtháite um Breisoideachas agus Oiliúint, le béim shoiléir ar fhorbairt agus ar sholáthar cúrsaí agus clár atá deartha chun daoine a ullmhú i gcomhair fostaíochta agus/nó staidéir bhreise. Gnéithe de sheirbhís Breisoideachais agus Oiliúna BOOC i rith na tréimhse sin ab iad forbairt clár comhordaithe do sholáthar cláir atá dírithe ar dhúbláil a íoslaghdú, rochtain a mhéadú do dhaoine aonair, ábharthacht a fheabhsú d'fhostóirí agus caighdeán na gclár a bhí ar fáil a choimeád agus a mhéadú.

Coláistí Breisoideachais (PLC)

Lean Coláistí Breisoideachais BOOC ar aghaidh ag soláthar próifíle de chúrsaí Iar-Ardteistiméireachta a bhí cosúil leo siúd a cuireadh ar fáil sna blianta roimhe sin. Áit arbh fhéidir, rinne coláistí cúrsaí a athrú agus a leasú chun freastal ar riachtanais aitheanta an mhargaidh saothair áitiúil agus riachtanais na bhfoghlaimeoirí. Bhí srian fós, áfach, le cumas an BOO cúrsaí úrnua a fhorbairt agus a thabhairt isteach, mar gheall ar easpa solúbthachta de thoradh laghdaithe ar chlárú agus ar an leithdháileadh iomlán múinteoirí de thoradh an líon a chláraigh an bhliain roimhe a bheith imithe i laghad.

Chuaigh an líon a cláraíodh i 2017 i laghad go 4,543 mar a aithníodh i dTuairisceáin Dheireadh Fómhair don Roinn Oideachais agus Scileanna agus do SOLAS.

Bhain coláistí PLC leas as cinneadh an Rialtais, a fógraíodh i mBuiséad 2018, Leas-Phríomhoidí breise a cheapadh do choláistí móra, agus post breise Leas-Phríomhoide faighte ag Coláiste Gnó Chorcaí, Lár Choláiste Eoin agus Coláiste Stiofáin Naofa. Rinneadh Post Leas-Phríomhoide breise den phost comhordaitheora i gColáiste Breisoideachais Chionn tSáile, agus leithdháileadh an dara post do Leas-Phríomhoide a bhíodh leithdháilte do Choláiste Bhrógáin Naofa i nDroichead na Bandan (a bhfuil Coláiste Chionn tSáile faoi choimirce a bhainistíochta) do Chionn tSáile.

Seirbhísí Oiliúna BOOC

Sholáthair Seirbhísí Oiliúna BOOC oiliúint do 5,517 duine thar raon de chineálacha cláir i 2017. Cuireadh oiliúint ar fáil sa Phríomhionad Oiliúna i mBaile an Easpaig agus in Ionad Oiliúna Biopharma i gCarraig Uí Leighin, agus freisin i roinnt ionad seachtrach trí sholáthraithe conraithe agus pobail.

As an iomlán, bhí 1,539 printíseach ag tabhairt faoi oiliúint ar an bpost ag Céim 2, 4 agus 6, méadú 33% ó 2016. Bhí 563 printíseach cláraithe i 2017, méadú ó 425 sa bhliain roimhe, rud a léirigh an méadú ar ghníomhaíocht eacnamaíoch. Forbraíodh seacht bprintíseacht nua faoi phróisis nua na Comhairle Printíseachta, a tosaíodh ar fud na tíre sna réimsí Innealtóireacht, Seirbhísí Airgeadais agus Lónadóireacht (Commis Chef) i rith 2017. Chuir BOOC tús leis an bprintíseacht Commis Chef a chur ar fáil i 2018.

Tugadh isteach curaclam athbhreithnithe (Leagan 4) do phrintísigh Chéim 4 sna ceirdeanna Siúinéireacht, Meicneoir Feithicle Troime, Déanamh Miotail agus Pluiméireacht agus Leictreachas.

Laghdaíodh go ginearálta rátaí iarratais do chúrsaí oiliúna do dhaoine dífhostaithe. Bhí siad laghdaithe ón mbliain roimhe sin agus léirigh an fhianaise laghdú cosúil leis an laghdú a tharla sna trí bliana roimhe sin. Comharthaíodh gurbh iad athruithe ar chúinsí eacnamaíocha, agus laghduithe ar thacaí airgeadais na fachtóirí ba mhó a chuir leis an laghdú ar iarratais agus atreorúcháin. Mar gheall ar an laghdú ar rannpháirtíocht/earcaíocht níor baineadh dóthain úsáide as an leithdháileadh airgeadais don oiliúint, mar gheall ar an méid a tugadh do liúntais agus nár caitheadh.

Rinneadh ailíniú an tsoláthair le riachtanais fostóirí agus gnóthas áitiúil a bhainistiú ar bhonn áitiúil, trí fhéachaint chuig eagraíochtaí gnó áitiúla agus na riachtanais sa cheantar sin a aithint agus maoirseacht déanta ag an ngrúpa pleanála FET. Cuireadh béim faoi leith ar dheiseanna a chur ar fáil don chohórt ardtosaíochta de na daoine ar bheagán oiliúna agus de na daoine a bhí dífhostaithe go fadtéarmach.

Cuireadh oiliúint ar fáil do luathfhágálaithe scoile trí dhá hIonad Oiliúna Pobail sa Linn Dubh agus i mBaile na mBocht. Bhí an dá háit lán le 50 agus 65 dhuine faoi seach le haghaidh na bliana. Tá an dá hionad sin ag soláthar clár ag Leibhéal a Ceathair, agus an dá IOP ag roghnú tús a chur le roinnt Oiliúna i Sainscileanna i gcúrsaí deimhnithe City & Guilds.

Cuirtear oiliúint ar dhaoine faoi mhíchumas atá ag lorg fostaíochta trí chúig Shainsoláthraí Oiliúna, le hionaid an Líonra Náisiúnta Foghlama i mBeanntraí agus ar Bhóthar Modhfheirme, agus 200 áit curtha ar fáil, agus Abode, St. Joseph's Foundation agus Headway ag soláthar 20 áite breise. Tá na hionaid sin ag soláthar cúrsaí atá deartha go speisialta do dhaoine faoi mhíchumas, in ionaid oiliúna atá feistithe go speisialta.

Ógtheagmháil

I rith 2017, rinneadh athbhreithniú eile ar an gcuraclam Ógtheagmhála agus ar na nósanna imeachta um shocrúchán oibre, chun déanamh cinnte go bhfuil siad ábhartha do na foghlaimeoirí agus dírithe go comhionann ar fhorbairt scileanna acadúla, gairmoideachais agus scileanna boga. Tá forbairt scileanna agus eolais don saol réadúil i bhfoghlaimeoir chun iad a ullmhú do shaol na hoibre, an oideachais agus na hoiliúna mar chuspóir lárnach don Chlár Ógtheagmhála. Is í an phríomhaidhm atá i gceist ná sraith idirghabhálacha a chur i bhfeidhm agus gníomhartha a fhorbairt a fheabhsóidh na deiseanna um foghlaimeoirí dul ar aghaidh go fostaíocht/breisoideachas.

I gcuraclam athbhreithnithe Ógtheagmhála baintear níos mó úsáide de réir a chéile as cur chuige measctha a mheascann gníomhaíocht seomra ranga le forbairt phearsanta, pleanáil

agus taithí oibre struchtúrtha agus phraiticiúil ag soláthar dheis fhoghlama níos fiúntaí agus níos spéisiúla d'fhoghlaimeoirí Ógtheagmhála. Is ionann taithí oibre struchtúrtha agus gné lárnach atá riachtanach chun dul chun cinn a dhéanamh. Chun an ghné thaithí oibre sin a chomhtháthú níos éifeachtaí i gclár Ógtheagmhála, ní mór do gach ionad oibriú i gcomhpháirt le foghlaimeoirí agus fostóirí chun curaclam a fhorbairt atá ábhartha do riachtanais foghlaimeoirí agus an mhargaidh saothair sheachtraigh.

Chun pleanáil don chuspóir sin, cuireadh breisoiliúint ar bhaill foirne lárnacha sa Mheasúnú Síciméadrach Gairme. Cuirfidh sé sin ar chumas ball foirne measúnuithe eolaíochta a dhéanamh chun buanna agus tosaíochtaí forbartha foghlaimeoirí a aithint agus úsáid á baint as ionstraimí measúnaithe atá bailíochtaithe go heolaíoch agus fardail atá dírithe ar na gnéithe lárnacha um shocrúchán oibre mar chumais nádúrtha, spreagadh pearsanta, tréithe pearsantachta, cumais idirphearsanta agus réimsí spéis gairme/poist.

Ionaid Oiliúna Pobail

Feidhmíonn BOO Chorcaí dhá hIonad Oiliúna Pobail, ceann amháin sa Linn Dubh/sa Ghleann agus an ceann eile i mBaile na mBocht. Tá na hionaid sin cosúil ó thaobh nádúir leis na hionaid Ógtheagmhála ach tá siad dírithe níos mó ar ghairmeacha ó thaobh an tsoláthair. Mar a luadh roimhe seo, tá na hionaid sin faoi choimirce Sheirbhísí Oiliúna Chorcaí.

Oideachas Pobail

I 2017, ritheadh 1,089 cúrsa oideachais pobail ar fud Chathair agus Chontae Chorcaí chun leas 6,904 foghlaimeoir.

Tá Oideachas Pobail ceaptha go príomha chun grúpaí oideachais pobail neamhbhrabúis a chur chun cinn agus cabhrú leo aghaidh a thabhairt ar riachtanais a bpobail.

Chuimsigh na forbairtí agus na cláir nua do 2017:

- Méadú ar líon na gclár Deimhnithe arna dtairiscint trí hOideachas Pobail i.e. ESOL, Ceardaíocht agus Teicstílí agus Teicneolaíocht na Faisnéise. Ina theannta sin, tugadh isteach tionscnaimh nua mar "Cócaireacht le Buiséad".
- Ceiliúradh Oíche Chultúir in ionaid chontae BOOC den chéad uair. Thug imeachtaí mar an mBus Cultúir Draíochta cuairt ar shráidbhailte ar Bhéarra, bhí an béaloideas mar chuid de cheiliúrthaí Fhaoide agus bhí ról mór ag bualadh clog i nDún Mánmhaí, ócáidí cóir i nDroichead na Bandan agus scéalaíocht i Maigh Chromtha.
- I bhfianaise Bhliain na Gaeilge 2018, rinneadh réamhphlé le heagraíochtaí Pobail i nGaeltacht Thiarna Mhúscraí agus ar Oileán Chléire. Is í an rún ná an Ghaeilge a fhréamhú arís trí hábhair phraiticiúla mar obair adhmaid agus gloine chumaiscthe, agus béim curtha ar an nGaeilge a labhairt agus a chur chun cinn sna pobail faoi seach. Cuireadh an bonn ar fáil do thrí thionscadal, Cathaoireacha Comhrá.
- Bunaíodh naisc le Comhaltas chun tús a chur le ranganna sa Ghaeilge (Caint agus Comhrá) agus i rince agus an chéad cheann díobh sin a siúl i mí na Nollag 2017 in Eochaille.
- Rinne rannpháirtithe ón tionscadal píolótach i bhForbairt Pobail Leibhéal 5 in Eochaille an chéad mhodúil le pas le gradam agus tugadh isteach an modúl sin i mBaile Chaisleáin Bhéarra i mí Dheireadh Fómhair.
- Tugadh maoiniú d'Ionad Acmhainní Teaghlaigh Charraig Thuathail chun cabhrú lena dTionscadal Lánpháirtíochta a fhorbairt trí mheán na drámaíochta.

An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas

Díríonn TFAO BOCC ar Sheirbhís chomhtháite Oiliúna agus Oideachais d'Aosaigh, agus creidiúnú dírithe go príomha ar Leibhéal 3 agus 4 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

Cuirtear cúrsaí TFAO ar fáil in Ionaid BOO Chorcaí agus in ionaid fhor-rochtana ar fud na tíre. Is í aidhm na gclár sin ná cláir oideachais agus tacaí a thairiscint atá de chaighdeán níos airde, atá níos inrochtana agus níos solúbtha agus atá oiriúnach do riachtanais aitheanta an duine aonair.

Is féidir le rannpháirtíocht i gcláir pháirtaimseartha deis a thabhairt:

- leanúint ar aghaidh leis an bhfoghlaim;
- deimhniú náisiúnta a fháil;
- scileanna nua a fhorbairt;
- tabhairt faoi dheiseanna fostaíochta nua.

Chuimsigh forbairtí i rith 2017:

- Soláthar clár mar fhreagra ar dheiseanna fostaíochta áitiúla – e.g. clár scileanna miondíola i mBeanntraí chun fostaithe féideartha a sholáthar d'Ollmhargadh nua sa cheantar;
- Réamhobair ar Chlár Fiontraíochta nua a chuirfear i bhfeidhm i 2018;
- Forbairt bhreise comhpháirtíochtaí le DEASP, Seirbhísí Pobail etc. chun riachtanais a aithint sna ceantair áitiúla;
- Rinne foghlaimeoirí QQI Leibhéal 3 go Leibhéal 5 i raon leathan ábhar;
- Ghlac foghlaimeoirí páirt i Lá Dámhachtainí an-rathúil a reáchtáladh san Óstán Radisson Blu, an tOileán Beag i mí na Samhna 2017.

Leantar ar aghaidh ag cuimsiú Litearthachta agus Treorach d'Aosaigh i gCláir BTEI.

I 2017, bhain 3,202 foghlaimeoir leas as 308 cúrsa a ritheadh faoi chlár TFAO BOOC.

Litearthacht;

Tá níos mó i gceist le Litearthacht Aosach ná díreach léamh agus scríobh agus téann sí i bhfad thar scileanna teicniúla na cumarsáide. Is é atá i gceist leis ná forbairt phearsanta, uimhearthacht agus TF a chuimsiú i gcomhréir lenár n-éiteas i BOO Chorcaí. I 2017, lean muid ar aghaidh ag soláthar timpeallachta foghlama atá tacúil, cairdiúil agus solúbtha ina bhféadfadh foghlaimeoirí a gcuid riachtanas agus ábhair spéise a iniúchadh agus a gcuid spriocanna foghlama féin a shocrú.

Ba é ár dtosaíocht le haghaidh 2017 ná an tSeirbhís Litearthachta a chuimsiú sa Bhreisoideachas agus Oiliúint, sa Phobal agus lenár gcuid Fostóirí.

Cuimsiú i FET
Pleanálann an tSeirbhís Litearthachta a cuid clár le spriocghrúpaí dírithe agus bealaí aitheanta um dhul ar aghaidh. Tugtar faoin bpleanáil go léir ar bhealach comhtháite le soláthar BOOC eile, go háirithe le hOideachas Pobail agus TFAO chun dul ar aghaidh ó Oideachas Pobail agus dul ar aghaidh go TFAO.

Aithníonn BOOC, ar aon dul leis an Straitéis Náisiúnta Scileanna 2015 - 2025, litearthacht, uimhearthacht agus TFC mar scileanna bunúsacha agus leanann ar aghaidh ag cur chun cinn agus ag forbairt chuimsiú scileanna i ndearadh agus i soláthar gach clár FET.

Cuimsiú sa Phobal

Lean an tseirbhís ar aghaidh ag tabhairt tosaíochta d'Fhoghlaim Teaghlaigh mar bhealach le litearthacht a chuimsiú sa phobal. Cé go bhfuil an chuid is mó d'fhoghlaim teaghlaigh neamhchreidiúnaithe, soláthraíonn bealach isteach tábhachtach do go leor daoine a d'fhéadfadh nach mbeadh plé acu leis an tseirbhís murach sin. Feabhsaíonn cláir Foghlama Teaghlaigh cleachtais litearthachta agus uimhearthachta tuismitheoirí agus ball teaghlaigh eile. Bíonn éifeacht mhór acu ar fheidhmíocht leanaí ar scoil agus tá ról tábhachtach acu i mbacainní a dhíbirt idir timpeallacht fhoghlama na scoile agus an baile a chabhraíonn le tuismitheoirí sa deireadh bheith rannpháirteach i bpobal na scoile. Leanfaidh an tseirbhís ar aghaidh ag forbairt gaol le scileanna áitiúla, seirbhísí idirchaidrimh baile/scoile, agus líonraí pobail ábhartha.

Mar fhreagra ar an éileamh mór a bhíonn ag méadú i gcónaí ar sholáthar ESOL i ngach earnáil sa phobal, thug BOOC gealltanas chun breisoiliúint a chur ar theagascóirí in ESOL agus IELTS agus beidh sé sin sceidealaithe le tosú i 2018.

Comhtháthú le Fostóirí
Mar fhreagra díreach ar riachtanais tionscail, mhéadaigh BOOC, i gcomhpháirt leis an gclár Náisiúnta Scileanna don Obair, an raon clár atá ar fáil d'fhostóirí. Go gairid táirgfidh an clár oiliúint ESOL/IELTS i scileanna teanga atá sonrach don obair d'fhostaithe sa tionscal lónadóireachta i gCorcaigh. Pléann an tseirbhís litearthachta le raon leathan fostóirí tríd an gclár sin agus cothaíonn sé éiteas d'fhoghlaim fhadsaoil agus deis um dhul chun cinn san ionad oibre agus go Breisoideachas agus Oiliúint.

I 2017, phléigh foghlaimeoirí le seirbhísí Litearthachta Aosaigh mar seo a leanas:

- Litearthacht Grúpa - 4,574 foghlaimeoir ar 879 cúrsa;
- ITABE – 209 foghlaimeoir i 44 chúrsa;
- ESOL - 1,088 foghlaimeoir ar 153 cúrsa;
- Scileanna don Obair – 188 foghlaimeoir i 46 chúrsa;
- Litearthacht Dheonach - 151 foghlaimeoir.

Treoir CETB d'Aosaigh

Soláthraíonn seirbhís treorach BOO Chorcaí, eolas, comhairle agus treoir saor in aisce, neamhchlaonta agus rúnda faoi roghanna oideachais sa cheantar. Is í aidhm na seirbhíse treorach sin ná foghlaimeoirí a éascú chun cinntí eolacha a dhéanamh faoi rochtain a fháil ar oideachas agus oiliúint, aistriú laistigh de BOO Chorcaí agus dul ar aghaidh uaidh.

Tugann an tSeirbhís Treorach d'Aosaigh de chuid BOO Chorcaí tacaíocht d'fhoghlaimeoirí aosacha BOO nach bhfuil rochtain acu faoi láthair ar threoir agus do dhaoine fásta dífhostaithe ar mian leo breisoiliúint nó athoiliúint a dhéanamh ach a bhfuil a gcuid cáilíochtaí níos lú ná QQI Leibhéal 6. Forbraíodh seirbhísí treorach for-rochtana do dhaoine fásta in Ionaid Oideachais d'Aosaigh ar fud Chathair agus Chontae Chorcaí.

I rith 2017, seo a leanas a rinne Seirbhís Treorach BOOC:

- Eagraíodh agus óstaíodh Cruinniú Réigiúnach an Adult Education Guidance Association;

- Fuarthas FGL faoin uirlis mheasúnaithe ar líne um Próifíliú Gairme;

- Glacadh páirt i dTaispeántais Fhoghlama Chomharsanacht Chorcaí, imeachtaí do Chorcaigh, Cathair Fhoghlama UNESCO agus Taispeántas ar Oideachas Aosach i Halla na Cathrach i gCorcaigh.

I 2017, de réir thaifead seirbhíse BOOC, rinneadh cruinnithe pearsanta le 1,345 duine agus freastalaíodh ar 1,311 duine trí sheisiúin phlé le grúpaí.

Seirbhísí don Aos Óg

Faoi Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013, sannadh an fheidhm seo a leanas do BOO Chorcaí i dtaobh na hÓige – "tacú le soláthar, comhordú, riar agus measúnú na seirbhísí oibre óige ina cheantar feidhmiúcháin".

Faightear an phríomhfhoinse maoinithe atá ag BOO Chorcaí chun tacú le hobair óige ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, i dtaobh tionscadal spriocdhírithe lasmuigh den scoil do dhaoine óga faoi mhíbhuntáiste. Is iad na scéimeanna sin ná Tionscadail Speisialta don Óige (TSO), an Ciste Áiseanna agus Seirbhísí do Dhaoine Óga (CASSDÓ) agus Eolas don Ógra (EÓ).

I 2017, fuair BOO Chorcaí acmhainní breise chun a acmhainn a fheabhsú chun tabhairt faoi fheidhmeanna reachtaíochta, áiríodh leis sin dara Oifigeach Óige a fhostú.

Sholáthair BOO Chorcaí na seirbhísí seo a leanas tríd an Aonad Oibre Óige i 2017:

Soláthar/Comhordú

- Tar éis riachtanais oibre óige i gCorcaigh a mheas, chuir BOO Chorcaí ceithre hiarratas faoi bhráid an DCYA le breithniú faoin scéim phíolótach Athbhreithnithe um Maoiniú don Óige – an tionscadal LGBT, Carraig Uí Leighin agus Mainistir na Corann. D'éirigh seo siúd agus tá siad ina gcuid den Scéim Athbhreithnithe don Óige de chuid an DCYA, ar scéim nua phíolótach í, anois.
- Oibríodh as lámh a chéile leis an DCYA chun uirlis phróifílithe a fhorbairt a thabharfaidh léargas socheacnamaíoch agus déimeagrafach ar thír, a leagfaidh amach riachtanais daoine óga, agus na saincheisteanna a mbíonn éifeacht acu ar a leas, go ginearálta, agus na ceantair is díorthaí a aithint.
- Chuaigh Geophróifíl de sholáthar DCYA i gCorcaigh, a rinne BOO, beo ar léarscáileanna Pobail.
- Torthaí Níos Fearr a Bhaint Amach do Dhaoine Óga – Torthaí Níos Fearr Todhchaí Níos Gile.

Torthaí Náisiúnta	Bainfidh BOO Chorcaí amach na Torthaí Náisiúnta tríd na tionscnaimh seo a leanas i 2017	Torthaí Áitiúla 2017
Gníomhach agus Folláin	Dúshlán Mharatón Óige i gCathair Chorcaí An Tascfhórsa Drugaí Áitiúil agus Réigiúnach	Ghlac suas go 100 duine óg páirt in imeacht 5km spraíúil Ghlac níos mó ná 20 foireann óige páirt sa dúshlán maratóin. Bhí plé dearfach agus gníomhach ag BOO Chorcaí leis an Tascfhórsa Drugaí Réigiúnach agus Áitiúil go háirithe maidir leis an snáithe oideachais agus coiscthe.
Acmhainn iomlán a chomhlíonadh i ngach réimse d'fhoghlaim agus d'fhorbairt	Obair Óige BOO Uaireanta Comhair	Sholáthair BOO Chorcaí uaireanta comhair do thionscadail óige faoin Scéim Tionscadail Speisialta don Óige chun tacú le soláthar oibre óige sa chathair agus é a chomhlánú.
Sábháilte & Cosanta ó Dhíobháil	Cosaint Leanaí agus Cur i bhFeidhm Tús Áite do Leanaí	Déanfaidh BOO Chorcaí go gcuirfear i bhfeidhm Tús Áite do Leanaí i ngach ionad Oibre óige atá maoinithe aige.
Slándáil agus Deiseanna Eacnamaíocha	Cur le Pleananna Áitiúla Eacnamaíocha & Pobail	Chuir BOO Chorcaí leis na pleananna PÁEP i dtaobh seirbhísí leanaí a fhorbairt.
Ceangailte, Meas Orthu agus ag Cur lena nDomhan	Comhairle na nÓg	Chuir BOO Chorcaí le cur i bhfeidhm chláir chontae agus chathrach Chomhairle na nÓg i 2017.

Riarachán

- Riar Tionscadal Speisialta don Óige agus maoiniú CASSDÓ do sheirbhísí óige thar ceann an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige i dtionscadail i gCathair agus Contae Chorcaí.
- Riar Scéim na nDeontas do Chlubanna Óige do ghrúpaí oibre óige beaga faoi stiúir saorálaithe
- Riar agus comhordú Scéim Deontas an DCYA um Threalamh do Chlubanna Óige Áitiúla (do níos mó ná 250 grúpa i gCathair agus Contae Chorcaí)
- Riar maoinithe do shé Thionscadal ag Tascfhórsa Áitiúil Chorcaí um Dhrugaí agus Alcól (TÁCDA)
- Riar uaireanta Comhair teagascóra do thionscadail TSÓ sa Chathair.

Measúnú

- Cur i bhfeidhm an Chreata Náisiúnta um Chaighdeáin Cháilíochta don Obair Óige;
- Glacadh páirt in athbhreithniú ar an CNCC agus cuireadh bonn eolais ar fáil dó;
- Rinne BOO Chorcaí cruinnithe monatóireachta le gach seirbhís arna maoiniú ag an DCYA;
- Dearadh agus forbraíodh teimpléid um Monatóireacht agus Thuairisciú Airgeadais agus Neamhairgeadais a chuimsíonn ceanglais BOO/DCYA SLA;

Eagrú Seirbhísí

I 2017, forbraíodh céad Ráiteas Straitéise BOO Chorcaí. Forbraíodh an Ráiteas Straitéise tar éis phróiseas comhchomhairle le gach páirtí leasmhar, ar cuireadh tús leis i Márta 2017.

Ba é a bhí i gceist le comhchomhairle ná cruinnithe ar ghlac bainisteoirí, baill foirne, Boird Bhainistíochta agus foghlaimeoirí páirt iontu. Chuathas i gcomhairle le páirtithe leasmhara seachtracha agus iarradh aiseolas faoi na dréacht-thograí. Cuireadh suirbhé ar líne ar fáil do gach páirtí agus gné lárnach den phróiseas ab ea déanamh cinntiú go bhfaighfí tuairim fhairsing maidir leis na tosaíochtaí agus na gníomhartha a aithint chun ár gcuid tosaíochtaí straitéiseacha a bhaint amach. Is é an toradh air sin ná go bhfuil Ráiteas Straitéise ag BOO Chorcaí a dhéanfaidh cinnte go soláthróidh an eagraíocht seirbhísí atá ábhartha agus luachmhar dár gcuid páirtithe leasmhara go léir.

Rinneadh roinnt arduithe céime agus ceapachán nua sa Cheannoifig i 2017. Rinneadh na ceapacháin sin mar fhreagra ar roinnt folúntas ríthábhachtach a aithníodh don Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) ar tugadh cead dóibh. Is ar bhonn sealadach téarma sheasta a ceadaíodh na poist sin ar feitheamh thoradh athbhreithnithe náisiúnta ag an ROS ar struchtúir BOO.

Tá BOO Chorcaí fós geallta chun feabhsú leanúnach a chuid seirbhísí i bhfianaise an “Chláir um Athrú ó Bhonn na Seirbhíse Poiblí” de chuid an Rialtais agus ar mhaithe le dea-rialachas corparáideach.

Caipiteal agus Soláthar

Seo a leanas sonraí faoi Thionscadail Tógála i scoileanna/coláistí agus in ionaid BOOC:

Mórthionscadail Tógála

Céim Thógála:

Coláiste an Chraoibhín, Mainistir Fhear Maí	Méadú Mór
Coláiste Pobail Cholmáin	Méadú Mór

Oibreacha Cumasaithe

Campas Oideachais Charraig Uí Leighin
Gaelcholáiste Dáibhís, Mala

Céim réamhthairisceana/tairisceana

Campas Oideachais Charraig Uí Leighin	Campas nua 3 scoile
Coláiste Pobail Chloch na gCoillte	Méadú Mór
Gaelcholáiste Dáibhís, Mala	Méadú

Fáil Láithreáin

Carraig Thuathail – Chuir an ROS tús leis an gcéim tíolactha d'fháil láithreáin um foirgneamh buan le haghaidh Choláiste Pobail Charraig Thuathail, foirgneamh buan do Scoil Náisiúnta Chlíodhna agus foirgneamh nua do Scoil Náisiúnta Mhuire Naofa.

Miontionscadail Tógála

Cóiríocht Bhreise – ag an gcéim thógála

Scoil Mhuire, Béal Atha'n Ghaorthaidh	Saotharlann Eolaíochta
Coláiste Bhrógáin Naofa, Droichead na Bandan	Aonad ASD (Neamhord ar Speictream an Uathachais)
Coláiste Bishop McEgan, Maigh Chromtha	Aonad ASD (Neamhord ar Speictream an Uathachais)
Coláiste Treasa, Ceann Toirc	Saotharlanna Eolaíochta agus Seomra Eacnamaíochta Baile

Cóiríocht Bhreise - céim réamhthairisceana

Scoil Mhuire, Béal Atha'n Ghaorthaidh Eacnamaíocht Baile agus Staidéar Foirgníochta
Lár Choláiste Eoin, Foirgneamh Eaglaise Sábháilteacht ó Dhóiteán, Rochtain do Dhaoine faoi Mhíchumas/Leithris

Athchóiriú ar scoileanna/choláistí - ag an gcéim foirgníochta

Coláiste Fionnchua	Athsholáthar Dhíon an Halla Spóirt
Coláiste Pobail Terence MacSwiney	Athchóiriú Leithris

Coláiste Pobail Terence MacSwiney Currach an Eich Bhuí	Córas Téimh Nua
Coláiste Pobail Aodháin	Baint aispeiste agus athsholáthar síleála
Coláiste Breisoideachais Mhala	Deisiú Dín
Coláiste Pobail de Nógla	Athchóiriú Leithris
Coláiste Pobail na Scoile	Deisiú Dín
Coláiste Pobail Aodháin	Athchóiriú Leithris
Scoil Mhuire, Béal Atha'n Ghaorthaidh	Deisiú Dín
Coláiste Pobail Aodháin, Cnoc Bhaile Átha Cliath	Athsholáthar Fuinneog
Coláiste Stiofáin Naofa	Uasghrádú Leictreachais
Coláiste Choilm	Athsholáthar Coire
Coláiste Bhrógáin Naofa	Uasghrádú Leictreachais
Coláiste Bhrógáin Naofa	Athsholáthar Fuinneog agus Doirse
Coláiste Bhrógáin Naofa	Deisiú Dín
Coláiste Oideachais Amuigh Chionn tSáile	Oibreacha Sláinte agus Sábháilteachta

Soláthar

Bunaíodh Rannóg Thiomnaithe um Thionscadail Tógála Caipitiúla agus Soláthar ar an 1 Eanáir 2017. I rith 2017, d'fhreastail baill foirne san aonad seo ar Oiliúint Fhoirmiúil ar Sholáthar, tá siad ina mbaill de mheithleacha oibre Soláthair ETBI agus freastalaíonn siad ar sheisiúin eolais agus cruinnithe faoi Sholáthar áit is ábhartha.

Chláraigh CETB do Chreata OGP áit a bhfuil siad oiriúnach dár gcuid riachtanas. Forbraíodh creata sonracha earnála agus CETB i rith 2017 agus tá siad fós á bhforbairt agus á gcur i bhfeidhm áit a n-aithnítear go bhfuil caiteachas comhiomlán os cionn na tairsí.

Cuireadh plean Gnímh um Sholáthar Corparáideach i bhfeidhm i 2017, mar threochlár um pleanáil do tharraingt aníos chreata OGP agus ETBI agus chun creata BOOC a chur ar aghaidh i réimsí caiteachais aitheanta.

Leanfaidh BOOC ar aghaidh ag athbhreithniú na réimsí caiteachais go léir ar bhonn leanúnach chun deiseanna a aithint chun an luach is fearr ar airgead a thabhairt agus riachtanais chomhlíontachta a chomhlíonadh, trí phróisis tairisceana, agus tarraingt aníos Chreata reatha OGP agus bunú chreata BOOC.

Dlí & Comhlíonadh

Cuireadh tús le hobair i 2017 ar an eagraíocht a ullmhú do chur i bhfeidhm an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR), a bhfuil feidhm aige ón 25 Bealtaine 2018. Píosa mór oibre é sin ar fud na heagraíochta go léir, mar gheall ar líon na mball foirne (circa 3,800) agus líon na bhfoghlaimeoirí a úsáideann ár seirbhísí (circa 37,137). Táthar ag fáil go bhfuil an cúram sin dúshlánach ach go háirithe mar nach mór é a chomhlíonadh leis na hacmhainní reatha.

Cuireadh i bhfeidhm clár monatóireachta chun déanamh cinnte go bhfuil soláthraithe seirbhíse tríú páirtí ag comhlíonadh Chomhaontuithe Leibhéal Seirbhíse, i gcomhréir le Ciorclán 13/2014 ón DPER.

Críochnaíodh obair freisin maidir lenár gClár Riosca Chorparáidigh agus d'fhaomh an Bord Beartas Bainistíochta Riosca nua i 2017.

Ó thaobh Saorála Faisnéise agus mar a tuairiscíodh don Bhord, fuair BOO Chorcaí dhá litir gan ainm leo i 2017, inar tagraíodh d'Acht 2014. Bhain an dá litir le hábhair imní faoi nósanna imeachta ceapacháin. Tar éis aird chuí a thabhairt orthu, agus mar gheall nach raibh ainm leo agus gurbh gearáin/casaoidí a bhí iontu, cinneadh gan déileáil leo mar nochtuithe cosanta. Tá sé sin ag teacht le Beartas BOOC faoi Nochtuithe Cosanta a dhéanamh.

Saincheisteanna Árachais agus Dlí: leantar ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta agus comhairle do bhaill foirne ar fud na heagraíochta maidir le saincheisteanna dlí a thagann chun cinn, éilimh fhéideartha, éilimh díobhálacha pearsanta, etc. I 2017, rinneadh 26 héileamh beo i gcoinne an BOO ag tús na bliana. Tháinig 14 héileamh nua chun cinn i rith na bliana agus socraíodh 7 gcinn. Bhain 60% de na héilimh sin le timpistí san ionad oibre.

Bainistíocht Réadmhaoine: Leantar ar aghaidh ag coimeád cláir maidir le gach foirgneamh atá áitithe ag BOOC. I 2017, bhí 110 foirgneamh in úsáid ar fud na cathrach agus an chontae chun seirbhísí oideachais agus oiliúna a sholáthar.

Seirbhísí Corparáideacha

Leanann an Rannóg seo ar aghaidh ag freastal ar BOO Chorcaí maidir lena Bhord, a Choistí agus a chuid grúpaí éagsúla a bunaíodh, go háirithe maidir le Breisoideachas agus Oiliúint. I rith 2017, bhí seirbhísiú agus bainistíocht léasaí dúshlánach go háirithe ó thaobh cóiríocht mhalartach a aimsiú áit ar cailleadh foirgnimh don earnáil chíosa, in éineacht le feabhsú an gheilleagair.

Freisin bhainistigh an rannóg seo foilsiú Ráiteas Straitéise BOO Chorcaí 2017-2021 chomh maith leis an bPlean Seirbhíse agus an Tuarascáil Bhliantúil do 2017. Déantar bainistiú imeachtaí sna meáin agus fógraíocht gníomhaíochtaí tríd na meáin sóisialta chomh maith le foilsiú bróisiúr do FET, a chomhordú go lárnach ag Seirbhísí Corparáideacha. Cuireadh chun cinn líon mór gníomhaíochtaí do dhaltaí tríd na meáin sóisialta chun próifíl BOO Chorcaí agus a chuid Coláistí / Ionad oideachais a fheabhsú.

Acmhainní Daonna

Soláthraíonn an Rannóg Acmhainní Daonna raon iomlán seirbhísí do bhaill foirne BOO Chorcaí agus freisin chun tacú le Bainisteoirí i gColáistí / in Ionaid. Áirítear le seirbhísí, ach níl siad teoranta dóibh siúd a leanas:

- Earcaíocht (Sna réimsí Bainistíocht, Teagasc, Treoir, Cúntóir Riachtanas Speisialta, Cothabháil Riaracháin agus poist eile) d'fhormhór mór na bpost san eagraíocht. I 2017, d'fhógair BOO 373 post, arbh poist teagaisc iad 298 díobh agus arbh poist neamhtheagaisc iad 75 díobh. Rinneadh an earcaíocht go léir a bhainistiú trí chóras earcaíochta ar líne arna oibriú trí Core Portal.
- Bainistiú conarthaí do gach catagóir foirne, téarmaí agus coinníollacha ceapacháin, cur i bhfeidhm comhaontuithe náisiúnta etc. Áirítear leis seo bainistíocht conarthaí gearrthéarmacha ar chóras na Múinteoirí Páirtaimseartha lena n-áirítear ionadú do Mhúinteoirí agus do Chúntóirí Riachtanas Speisialta.
- Socrú fostaithe nua agus cothabháil fostaithe reatha ar an bpárolla, lena n-áirítear tuarastal agus liúntais a shocrú, am agus freastal, creidmheas incriminteach etc. Próiseáil um éirí as ag fostaithe, neamh-athnuachan conarthaí etc. I 2017, thosaigh 561 ball foirne nua agus d'imigh 203 ball foirne.
- Ríomhaireachtaí scoir agus aoisliúntais do gach fostaí, soláthar meastachán, próiseáil ar iarratais ar scor de thoradh breoiteachta, riar riachtanais an scéim pinsean. I dteannta leis sin, thug an fhoireann pinsean faoi roinnt píosaí oibre i rith 2017 chun taifid fhoirne a athbhreithniú agus a nuashonrú, caighdeán an eolais atá acu a

fheabhsú agus aon saincheisteanna stairiúla i dtaobh theidlíochtaí fostaí a chur i gceart. Próiseáladh 47 scor i 2017.

- Cúrsaí caidrimh fhostaí, lenar áiríodh caidrimh oibre táirgiúla a choimeád leis na príomh-cheardchumainn san earnáil (TUI, ASTI, SIPTU, FÓRSA), comhairle a chur ar bhainisteoirí agus fhostaithe agus tacaíocht a thabhairt dóibh chun déileáil le fadhbanna caidrimh san ionad oibre.

I 2017 tosaíodh/críochnaíodh roinnt tionscadal sa Roinn AD a raibh iad siúd a leanas ina measc:

1. Grinnfhiosrúchán Siarghabhálach an Gharda Síochána ar gach ball foirne, ach amháin múinteoirí (a ndéanann an Chomhairle Mhúinteoireachta grinnfhiosrú orthu), chomh maith le gnáthphróisis ghrinnfhiosrúcháin do bhaill foirne nua. Mar chuid den obair sin rinneadh athbhreithniú iomlán ar bhaill foirne i ngach scoil agus ionad i BOO Chorcaí. Rinneadh an tionscadal um ghrinnfhiosrú siarghabhálach i dteannta le gnáthnósanna imeachta grinnfhiosrúcháin do bhaill foirne nua. D'éirigh le BOO Chorcaí grinnfhiosrú a dhéanamh ar 1,389 ball foirne anuraidh, agus cuid mhór cuirí eile eisithe.
2. Seoladh an Clár Cúnaimh d'Fhostaithe le haghaidh na mball foirne go léir – sheol BOO Chorcaí Clár Cúnaimh d'Fhostaithe le haghaidh gach ball foirne i Meitheamh 2017. Tugann an tseirbhís seo tacaíocht rúnda d'fhostaithe agus dá mbaill teaghlaigh áit a mbíonn deacrachtaí acu cibé acu go mbaineann siad lena saol oibre nó pearsanta.
3. Tiontú TFAO – tar éis gur thángthas ar chomhaontú náisiúnta idir an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an TUI, tosaíodh obair ar thiontú teagascóirí atá i mbun chláir TFAO do na poist Múinteoirí Oideachais Aosaigh. Rinneadh cuid mhó oibre ar an tionscadal sin sular stopadh é ar leibhéal náisiúnta.
4. Ullmhú do GDPR - tosaíodh obair sa ráithe dheireanach de 2017 chun ullmhú do rialacháin nua GDPR. Is é atá i gceist leis an obair sin ná athbhreithniú iomlán ar shonraí pearsanta atá ag an Roinn AD, agus athruithe móra ar roinnt bogearraí dár gcuid (i dteannta leis na soláthraithe bogearraí) chun comhlíonadh na rialachán nua a chinntiú. Leanfaidh an obair sin ar aghaidh i 2018.
5. Córais AD – I rith 2017, lean an Rannóg AD ar aghaidh ag obair ar roinnt tionscadal chun éifeachtúlacht chórais AD a fheabhsú agus Core HR chomh maith le Múinteoirí Páirtaimseartha/Part-Time Teachers san áireamh. Cuimsítear le tionscadail an córas um iarratais fholúntais le haghaidh scoileanna agus ionad a dhéanamh uathoibríoch mar chuid den phróiseas earcaíochta, na cumais Féinseirbhíse Fostaí a fheabhsú chun cur ar chumas fostaithe féachaint ar iarmhéideanna saoire bhreoiteachta agus measctacháin phinsin, córas iarratais chonartha a thabhairt isteach do phoist teagaisc PRPT a cheadóidh conarthaí a eisiúint ar líne agus ullmhú i gcomhar painéal teagascóirí a bhunú ar an gcóras Múinteoirí Páirtaimseartha, i dteannta leis an bpainéal ionadaithe reatha. Meastar go gcríochnófar an obair ar an gcuid is mó de na tionscadail sin i rith 2018.
6. Seirbhísí Comhroinnte Párolla – I míonna deireanacha 2017, thosaigh BOO Chorcaí ag ullmhú i gcomhair Seirbhísí Comhroinnte Párolla a thabhairt isteach, lenar áiríodh bualadh le baill den fhoireann Seirbhísí Comhroinnte Párolla, freastal ar sheisiúin eolais agus Ceannaire Idirthréimhse a cheapadh don tionscadal seo. Leanfar ar aghaidh le hobair ar an tionscadal sin i 2018, ach is é amlíne an fhoireann Seirbhísí Comhroinnte a shocróidh í.

Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide

Leantar ar aghaidh ag forbairt TFC san eagraíocht agus réitigh á bhforbairt agus á gcur i bhfeidhm i dtaobh píosaí oibre idirthréimhse a láimhseáil mar iarratais chonartha, bileoga ama, sonraisc agus éilimh taistil. Cé go bhfuil go leor réiteach á bhforbairt ar fud na tíre tríd an Oifigeach Bainistíochta Tionscadal sa ROS, leanann BOO Chorcaí ar aghaidh ag glacadh páirte sna grúpaí oibre agus tionscadal éagsúla a bunaíodh chun féachaint thar sin

`

Rinneadh chuid mhór oibre chun an Bonneagar TFC a nuashonrú agus a chomhdhlúthú agus béim áirithe curtha ar bhainistíocht riosca; cuireadh i bhfeidhm réitigh nua um chúltacú agus aisghabháil. Bunaíodh áis Athshlánaithe san Ionad Oiliúna, Ascaill Rosa chun áis amach ón láthair a sholáthar do bhaill foirne BOO chun feidhmeanna ríthábhachtacha gnó a chomhlíonadh go gcás go dtarlódh fadhb sna hOifigí Riaracháin ar Ché Lavitt, i gcomhréir leis na ceanglais faoinár gclár riosca.

Leantar ar aghaidh le hobair i dtaobh shlándáil TFC atá ríthábhachtach don eagraíocht mar gheall ar an mbrath ard ar sin i ngach réimse dár gcuid seirbhísí. Mar gheall ar an méadú ar rioscaí i ndáil le cibearshlándáil agus ionsaithe bogearraí mailíseacha i rith 2017, rinneadh athbhreithniú iomlán ar chórais riaracháin agus leantar ar aghaidh ag glacadh céimeanna cuí chun na rioscaí sin a íoslaghdú agus bearta slándála breise tugtha isteach.

Leanadh ar aghaidh le hobair freisin chun Córais TFC a ascnamh ó bheith ar an láthair chuig an néal áit a meastar go mbeidh tairbhí gnó ag baint leis sin. Mar shampla, tosaíodh obair chun córas ríomhphoist BOO Chorcaí a aistriú go Office 365 agus é mar aidhm áis inscálaithe, shlán agus chomhtháite a chur ar fáil do gach ball foirne i BOO Chorcaí.

Cuireadh tús le hobair chun Idirlíon BOO Chorcaí a fhorbairt le bealach níos éifeachtach a sholáthar chun cumarsáid agus plé a dhéanamh le baill foirne inár gcuid seirbhísí go léir. Lear mór oibre atá anseo agus foireann tionscadal ildhisciplíneach as gach roinn san eagraíocht ag cabhrú leis a gcóras a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Leanann TFC ar aghaidh ag déanamh comhordaithe ar cheannach threalamh TF agus ag soláthar seirbhíse comhairle d'ionaid faoi dhea-chleachtas. Leis an *Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015-2020* cuirtear deontais mhóra ar fáil chun tacú le r-Fhoghlaim inár Scoileanna. Cuireadh tús le bainistiú an deontais seo agus le forbairt pleananna r-Fhoghlama gaolmhara inár gcuid ionad i 2017 agus leanfar ar aghaidh leis le linn shaolré na straitéise

Airgeadas

Leanann an bord ar aghaidh ag oibriú i gcomhréir le riachtanais rialála agus reachtaíochta chomh maith le dea-chleachtas.

Rinneadh dul chun cinn le soláthar Chóras Íocaíochta Foghlaimeora earnála i rith 2017 i dteannta leis an Oifig Bainistíochta Tionscadal sa Roinn Oideachais agus Scileanna, agus é mar aidhm é a chur i bhfeidhm i rith 2018.

Cuireadh ar aghaidh réiteach TF um chur in áirithe agus íocaíocht d'Ionaid Oideachais Amuigh ar fud na tíre i rith 2017, agus é mar aidhm é a chur i bhfeidhm i rith 2018.

Cuireadh tús le hathbhreithniú ar na cleachtais agus na córais TF um bainistiú tháillí PLC agus Oideachais Aosaigh chomh maith le hoiliúint riachtanach d'úsáideoirí i rith 2017.

Rinneadh uasghrádú ar an gcóras Taistil agus Cothabhála ar líne i rith 2017 agus cuireadh i bhfeidhm go hiomlán é le haghaidh fheidhmeanna éilimh agus próiseála.

Leanann an Rannóg Airgeadais ar aghaidh ag déanamh monatóireachta agus athbhreithnithe ar rialuithe stoic thar gach scoil agus ionad sa BOO.

Feabhsaíodh an fheidhm Cuntasaíochta Bainistíochta i rith 2017, lenar áiríodh teimpléad a fhorbairt chun críocha tuairisc a thabhairt don Choiste Airgeadais. Cuireadh i bhfeidhm freisin struchtúir fheabhsaithe buiséadaithe agus tuairiscithe do bhainistíocht shinsearach, scoileanna agus choláistí i rith 2017.

Achoimre Airgeadais

Tá BOO Chorcaí maoinithe go príomha ag an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) chun a chuid clár dara leibhéal agus a chláir SOLAS agus ROS a sholáthar don Bhreisoideachas agus Oiliúint. I 2016/2017, cuireadh maoiniú ar fáil do thionscadail áirithe ag Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais eile a raibh ina measc:

- An Roinn Pobail, Comhionannais agus Gnóthaí Gaeltachta;
- An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí;
- An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige;
- An Roinn Fiontraíochta, Trádála agus Nuálaíochta;
- An tAontas Eorpach.

Ardaítear cistí freisin trí mhuirir as seirbhísí mar tháillí teagaisc, tógáil seomraí ar cíos agus gníomhaíochtaí ar leibhéal áitiúil. Ba iad fáltais an Bhoird do 2017 ná €186,873,607. Déantar iniúchadh bliantúil ar BOO Chorcaí ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (C&AG) a chuireann i láthair tuairisc ar mhaoirseacht airgeadais an Bhoird don Oireachtas. As iomlán na bhfáltas i 2017, bhain €11,572,364 leis an gclár Caipitil.

Dearbhaím freisin, mar Chathaoirleach, go bhfuil Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí freagrach as cuntais a choimeád agus deimhním go gcomhlíonann BOO Chorcaí go hiomlán a chuid oibleagáidí faoin reachtaíocht ar ioncam.

Sínithe: Dáta:An 10 Iúil 2018

An Cmhlr Patrick Gerard Murphy,
Cathaoirleach, Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí.

Giorrúcháin

TFAO	An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas
C&AG	An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
C&G	City and Guilds
CLDATF	Tascfhórsa Áitiúil Chorcaí um Dhrugaí & Alcól
SNP	Scoileanna Náisiúnta Pobail
FGL	Forbairt Ghairmiúil Leantach
IOP	Ionad Oiliúna Pobail
DEASP	An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí
ROS	An Roinn Oideachais agus Scileanna
DCYA	An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
ESOL	Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile
BOO	Bord Oideachais agus Oiliúna
ETBI	Bord Oideachais agus Oiliúna Éireann
FET	Breisoideachas agus Oiliúint
GDPR	Na Rialacháin Ghinearálta nua maidir le Cosaint Sonraí
AD	Acmhainní Daonna
TFC	Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide
IELTS	An Córas Idirnáisiúnta um Thástáil an Bhéarla
TF	Teicneolaíocht na Faisnéise
ITABE	Dianteagasc san Oideachas Bunata Aosach
ATF	An Ardteistiméireacht Fheidhmeach
LGBT	Leispiach, Aerach, Déghnéasach agus Trasinscne
NCCA	An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
OGP	Oifig um Sholáthar Rialtais
PDST	An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí
PLC	Iar-Ardteistiméireacht;
QQI	Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
SOLAS	Seirbhísí Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna
CLS	Comhaontú Leibhéal Seirbhíse
TSÓ	Tionscadail Speisialta don Óige
UNESCO	Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe
VTOS	An Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais
WSE/MLL	Measúnú Scoile Iomláine ar Bhainistíocht, Cheannaireacht agus Fhoghlaim
TÓ	Tionscnamh Óige
CASDÓ	Ciste Áiseanna agus Seirbhísí do Dhaoine Óga

Aguisín 1

Scoileanna, Ionaid Oideachais & Fochoistí BOO

Scoileanna Náisiúnta Pobail

Ainm	Clárú	Ainm	Clárú
Scoileanna Náisiúnta Pobail			
Scoil Chlíodhna, Carraig Thuathail	98	Scoil Aonghusa, Mala	80

Iar-bhunscoileanna

Ainm	Clárú	Ainm	Clárú
Iar-bhunscoileanna agus Coláistí			
Coláiste Pobail Charraig Thuathail	107	Coláiste Pobail Ghleann Maghair	1053
**Coláiste Pobail Chloch na gCoillte	568	**Coláiste Pobail Maria Immaculata, Dún Mánmhaí	495
**Coláiste Áth an Chóiste	652	Coláiste McEgan, Maigh Chromtha	223
Coláiste Pobail Churrach an Eich Bhuí, An Cóbh	266	**Coláiste Pobail de Nógla, Machain	193
Coláiste an Chraoibhín, Mainistir Fhear Maí	759	**Coláiste Pobail na Scoile	401
**Coláiste Choilm, Baile an Chollaigh	1352	Scoil Mhuire, Béal Átha an Ghaorthaidh	116
Coláiste Daibhéid, Corcaigh	217	**Coláiste Pobail Aodháin, Cnoc Bhaile Átha Cliath	418
**Coláiste Ghobnatan, Baile Mhúirne	206	Coláiste Bhrógáin Naofa, Droichead na Bandan	853
**Coláiste Pobail Bheanntraí	667	Coláiste Pobail Cholmáin, Mainistir na Corann	908
**Coláiste Pobail Naomh Mhuire (Cill na Mallach)	362	Coláiste Fionnchua, Mainistir na Corann	298

Coláiste Treasa, Ceann Toirc	527	Coláiste Pobail Terence MacSwiney, Cnoc na hAoine	274
Gaelcholáiste Dáibhís, Mala	819	**Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin	74
Coláistí Iar-Ardteistiméireachta;			
Lár Cholaiste Eoin, Lár na Cathrach	882	Coláiste Stiofáin Naofa, Bóthar Thrá Mhór	738
Coláiste Gnó Chorcaí	1891	Coláiste Breisoideachais Mhala	405

**Coláistí Pobail Sannta iad sin; tá Comhaontú Samhla i bhfeidhm idir BOOC agus Deoise Chorcaí agus Rosa, nó BOOC agus Deoise Chluana.

Ionaid Oideachais & Oiliúna

Seirbhísí Tacaíochta Foghlama Chathair Chorcaí
Ionad Oiliúna Chorcaí, Ascaill Rosa
Ionad Oiliúna, Carraig Uí Leighin

Ionaid Ógtheagmhála

Baile an Chollaigh Droichead na Bandan Beanntraí
Sráid an Déin Mainistir Fhear Maí An Gleann
Cnoc na hAoine Maigh Chromtha Machain
Mala Eochaille

Scoileanna Pobail áit a bhfuil BOO Chorcaí ina Chomhiontaobhaí

Scoil Pobail Charraig Uí Leighin Scoil Pobail Shráid an Mhuilinn
Pobalscoil na Tríonóide, Eochaille Scoil Pobail Chionn tSáile
Scoil Pobail Dhúglais Scoil Pobail Bhaile na mBocht
Scoil Pobail Bhaile an Easpaig Scoil Pobail Bhaile an Chollaigh
Scoil Pobail Bhéara Scoil Pobail Pheadair, An Pasáiste Thiar
Scoil Pobail an Sciobairín

Scoileanna Cuimsitheacha áit a bhfuil BOO ina Chomhphátrún

Scoil Chuimsitheach Aston
Scoil Chuimsitheach an Bhóthair Bhuí

Coistí BOO

Coiste Airgeadais
An Coiste Iniuchóireachta
An Coiste Óige